

2025

FORBAIRT GHAIRMIÚIL FOSTAITHE - FOIRM IARRATAIS

(i) **Incháilitheacht**

Ba chóir go mbeadh baint dhíreach ag an gcúrsa breisoideachais/3^ú leibhéal le feidhmíocht agus forbairt oibre an bhaill foirne agus ba chóir go mbeadh sé faoi réir deimhniúcháin/dámhachtana ag údarás creidiúnaithe cuí.

Ní mór don Stiúrthóir/Cheannoifig gach cúrsa staidéir a cheadú, agus ní mór don Cheannoifig na híocaíochtaí a phróiseáil.

Tá incháilitheacht le haghaidh saoire staidéir agus scrúdaithe íoctha agus neamhíoctha do bhaill foirne seachas Múinteoirí/CRSanna leagtha amach in CL62/2021

(ii) **Nósanna Imeachta Iarratais**

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bhfoirm seo agus a chur faoi bhráid na Roinne Acmhainní Daonna (Aonad T&D).

Tabhair sonraí faoin gcúrsa, na buntáistí a bhaineann leis an gcúrsa don duine aonair agus do BOOÁCDL (lena n-áirítear plean gníomhaíochta gairid ón gcúrsa), an fad atá beartaithe agus na táillí a bheidh i gceist don bhliain. *Ba chóir iarratas/iarratais ar leithligh le haghaidh aisíocaíocht/aisíocaíochtaí a dhéanamh do gach bliain den chúrsa ceadaithe.*

(iii) Ba chóir go mbeadh gealltanais maidir leis an bhfoirm Scéim Aisíocaíochta Táillí ag gabháil leis an iarratas.

(iv) Ní bhfaighidh tú maoiniú chun staidéar a dhéanamh ag leibhéal cáilíochta atá agat cheana féin.

(v) Ní mór d'iarratasóirí a dtréimhse phromhaidh a bheith críochnaithe go rathúil.

Féadfaidh an BOO aontú ranníocaíocht iomlán nó páirteach a dhéanamh. Beidh an ceadú i ngach cás faoi réir srianta buiséid. Déileálfar le gach iarratas ar leithligh agus gan tagairt mhíchuí do chásanna roimhe seo.

CUID 1: Le comhlánú ag an iarratasóir

Ainm an Fhostaí:

Roinn/Scoil/Ionad:

Sonraí an Chúrsa:

Dáta(i) agus Fad an Chúrsa:

Buntáistí an Chúrsa do BOOÁCDL:

(cuir plean gníomhaíochta ón gcúrsa san áireamh)

Aon Sonraí Eile:

Táillí Iníoctha: _____ a sheasann do Bhliain _____ den chúrsa bliana _____.

An bhfuil tú ag fáil íocaíochta agus/nó fóirdheontais ó fhoinse eile i dtreo chostas na dtáillí atá mar ábhar don iarratas seo?

Tá ☐

Níl ☐

Má tá, cuir in iúl (i) an fhoinse/na foinsí agus (ii) an méid/na méideanna

- ☐ Admhaím go bhfuil mé go hiomlán eolach ar théarmaí na [Scéime Aisíocaíochta Táillí](#) agus go nglacaim leo, agus go bhfuil an Fhoirm Ghealltanais maidir leis an Scéim Aisíocaíochta Táillí de chuid BOOÁCDL comhlánaithe agam agus i gceangal leis seo.
- ☐ Dearbhaím nach n-éileoidh mé Faoiseamh Cánach i leith an mhéid a aisíocadh.

Iarratasóir: _____

Dáta: _____

CUID 2: Le comhlánú ag an mBainisteoir

Ceadaithe ag: _____

Dáta:

Síniú an Bhainisteora

CUID 3: Le comhlánú ag Ceann na Roinne /an Stiúrthóra:

Tá athbhreithniú déanta agam ar an iarratas ar mhaoiniú don chúrsa don bhall foirne seo a leanas:

Tá an t-iarratas Ceadaithe

☐

r ceadáíodh an t-iarratas

☐

AISÍOCAÍOCHT PHÁIRTEACH AR AN TÁILLE BHLIANTÚIL: _____ %
TÁILLE BHLIANTÚIL _____

AISÍOCAÍOCHT IOMLÁN AR AN

CÓD BUISÉID FGL: _____

Sínithe ag: _____

Ceann na Roinne/Stiúrthóra

Dáta: _____

Cuir iarratais cheadaithe chuig an Aonad T&D, an Roinn AD, le do thoil - hred@ddletb.ie

GEALLTANAS maidir leis an Scéim Aisíocaíochta Táillí

Tá mé i mbun cúrsa oideachais i m'am féin ag

_____ a mhairfidh ar feadh _____
bliana, agus a mbeidh _____ mar thoradh air

Ghlac BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leis an gcúrsa oideachais luaite mar chúrsa a bhaineann le m'fhostaíocht. D'aontaigh BOOÁCDL íocaíocht iomlán nó pháirteach a dhéanamh i leith chostas na dtáillí a d'íoc mé ag deireadh gach bliana acadúla críochnaithe nó tréimhse chomhfhreagrach den chúrsa luaite, ar choinníoll nach ndéanfar an aisíocaíocht sin níos mó ná uair amháin i leith aon bhliana acadúla nó tréimhse chúrsa chomhfhreagrach den sórt sin, agus go soláthróidh mé do BOOÁCDL ráiteas i scríbhinn ó

_____ ag deimhniú go raibh mo fhreastal nó rannpháirtíocht sa chúrsa oideachais luaite sásúil i rith na bliana acadúla nó tréimhse chomhfhreagrach sin, agus gur thug mé faoi na scrúduithe cuí agus gur éirigh liom iontu, chomh maith le téacsanna a raibh leagtha amach a chur i gcrích.

Geallaim leis seo, má fhágaim BOOÁCDL sula mbeidh bliain seirbhíse curtha isteach agam i leith gach bliain acadúla nó tréimhse chomhfhreagrach den chúrsa luaite a fuair mé aisíocaíocht táillí ina leith, agus nach dtabharfar na blianta acadúla nó na tréimhsí cúrsa sin san áireamh mar sheirbhís sa chomhthéacs seo, go n-íocfaidh mé ar ais do BOOÁCDL an tsuim a aisíocadh liom i leith na bliana nó na dtréimhsí sin nach mbeidh bliain iomlán seirbhíse curtha isteach agam ina leith, de réir mar a fhoráiltear anseo roimhe seo.

Aisíocfaidh mé le BOOÁCDL aon suim a íocadh liom faoin scéim freisin má fhaightear amach go raibh an fhaisnéis a sholáthair mé go hábhartha míchruinn.

Sínithe ag: _____

Dáta: _____

Sínithe ag: _____
Ceann Roinne/Bainisteoir

Dáta: _____

Beartas maidir le Scéim Aisíocaíochta Táillí

Feidhmíonn BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire scéim chun aisíocaíocht a dhéanamh ar tháillí a íocadh as freastal ar chúrsaí breisoideachais páirtaimseartha atá ábhartha agus tairbheach d'obair na foirne agus an BOO.

Iarrtar ar iarratasóirí cead roimh a fháil faoin scéim le haghaidh cúrsaí atá le déanamh.

Riachtanais

Ní bhaineann an scéim aisíocaíochta ach le cúrsaí a bhaineann le hobair an bhaill foirne agus leis an BOO. Go ginearálta, ní mór do bhall foirne cúrsaí a dhéanamh ina gcuid ama féin.

Treoracha Ginearálta

Féadfaidh BOOÁCDL aontú le híocaíocht iomlán nó pháirteach a dhéanamh. Beidh ceadú i ngach cás faoi réir srianta buiséid agus ceadú ó bhainistíocht BOO más infheidhme. Déileálfar le gach iarratas ar leithligh agus gan tagairt mhíchuí do chásanna roimhe seo.

1. Ní féidir aisíocaíochtaí a dhéanamh ach amháin ag deireadh gach bliana acadúla nó tréimhse cúrsa atá críochnaithe. Beidh cruthúnas ar tháillí a íocadh, ar fhreastal sásúil agus ar scrúduithe a bheith déanta agus pas a fháil (más ann dóibh) ag teastáil.
2. Ní íocfar aisíocaíochtaí i gcás blianta athdhéanta.
3. Ceanglaítear ar iarratasóirí gealltanais a thabhairt i scríbhinn chun an aisíocaíocht a aisíoc má fhágann siad an BOOÁCDL sula gcríochnaíonn siad bliain seirbhíse i leith gach bliana acadúla nó tréimhse cúrsa a ndearnadh íocaíocht ina leith, ní mheastar na blianta acadúla nó na tréimhsí cúrsa sin mar sheirbhís sa chomhthéacs seo.